# Nuacht na Gaelscoile

**Meitheamh 2009** 11/06/2009

# *Eirí As Múinteoir Caoimhín*
# *Múinteoir Caoimhín to retire*

Tá cinneadh déanta ag Múinteoir Caoimhin eirí as ag deireadh na míosa seo tar éis seirbhís fhada fhial dhílis a thabhairt do mhuintir na scoile ó 1996. B'fhada uainn é agus a thogha gaeilge is a bhuanna ceoil a roinn sé linn agus lena dhaltaí go flaithiúil. Tá sos ón mbóthar ó Charraig na Siúire tuillte aige agus guímid gach rath air ina scor ó ghairm na muinteoireachta.
Thuirling Caoimhin ar an nGaelscoil ó scoil bheag i gCondae na Mí i Nissan Bluebird bán Eanair fhuar na bliana '96. Nior ghoill an drochchóiríocht riamh ar Chaoimhín agus an scoil lonnaithe thuas staighre i dTeach Réalt na Mara ach amháin go mbeadh bord áisiúil dá chupán tae ag sos na maidine. Bhain daltaí fíor thaitneamh as na sciúirdeanna spóirt agus na babhtaí amhráiníochta a tharla ar an toirt maidin agus trathnóna ina seomra. Tá bá ar leith ag Caoimhín le gníomhaíocht agus éagsúlacht i dteagasc agus i bhfoghlaim rud a bhreith sé leis ón seomra ranga go dtí an seomra tacaíocht foghlamtha le déanaí. Is minic go raibh grúpaí daltai aige amuigh ag rásaíocht timpeall an chlóis agus na leabhair is pinn tréigthe ar na boird sa seomra is an doras éalaithe ar oscailt. Seo Caoimhín. Ní féidir do mhúinteoir gan a fhealsúnacht oideachais is saoil a thabhairt leis ar scoil. Ní fhaca Caoimhín tairbhe an dua sa bhfhoghlaim do leanai óga . Tá súil againn gur fada buan an bonnchloch san leagtha ag Caoimhín de Paor i nGaelscoil Philib Barún agus go mbeidh spraoi agus ceol i ndán do gach leanbh a thrasnaíonn tairseach na scoile.

*Muinteoir Caoimhín has decided to retire at the end of this month after years of loyal and distinguished service to the school since 1996. His wonderful Irish and great musical talents will be sorely missed in classes and staffroom by the pupils and his fellow teachers. Caoimhín has journeyed many miles from Carrick for work , for after-school meetings and for matches. His rest from the road is well earned. We wish him a long and happy retirement*
*Caoimhín landed in Tramore in a White Nissan Bluebird on a cold January in 1996, coming from a rural school in County Meath. The poor accommodation in Stella Maris House was never a source of complaint for Caoimhín as long as a suitable table was provided for teachers' lunches. Pupils enjoyed the frequent runabouts and spontaneous singing sessions that occurred in his class morning and afternoon. Caoimhín as a teacher loves to vary methods in teaching and learning and this trait he has brought from the classroom to the learning support room recently. Often pupils are brought out for impromptu exercise in the yard leaving pens and copies abandoned in a stuffy room and the emergency door swinging. This is epitomises Caoimhín. As teachers we cannot help but bring our philosophy of life and education to our work. Caoimhín doesn't see the point in making learning drudgery we hope that Gaelscoil Philib Barún will always be a place full of songs and games.*

# www.pilibbarun.com

Cláraigh lenár suíomh idirlíon ag an seoladh thuas. Gach eolas ann ar fáil faoin scoil agus fiú faoin sraith shacair
*Check out our website for updates and latest league tables on the above address. Register your email and support the school's building cam-*

## Duais Daithi K

*Fuair Daithí Ó Ciarba bás i 2002 in aois a haon déag agus é i rang 4. Ó shin tagann a thuismitheoiri Pierce agus Esther Kirby ar ais chuig an scoil an taca seo gach bliain le duais chuimhneacháin a bhronnadh ar dalta na bliana roghnaithe ag páistí na scoile. Tá na vótai caite agus comhairithe cheana féin ach ni fhógrófar an buaiteoir go dtí am an bhronnta.*

Votes have been cast and counted for the David Kirby prize presented to the pupil of the year as chosen by the children from 1st class to 6th.
David Kirby was killed tragically aged 11in June 2002 while still in 4th class in the gaelscoil . Each year David's parents, Pierce and Esther Kirby come back to the school to present the prize to the winning pupil.
The winner will not be announced until the presentation ceremony which will take place on the 25th.

## Lá Spóirt
## *School Sports Day*

Le cead na haimsire beidh an lá spóirt ar siúl an Déardaoin seo chugainn an 18ú la ag tosnú ag 11.30.
*Weather permitting the school sports day will be held on Thursday next the 18th June beginning at 11.30.*

## Foireann Camógaiochta sa Chraobh
## Camogie team reach the final

Chaill an fhoireann chamógaíochta sa chraonh an Chéadaoin seo caite in aghaidh scoil náisiúnta na Cille. Ár mbuíochas do Orla agus na cailíní go léir a chuir isteach an-iarracht.
*The school camogie team were beaten on Wednesday last by Kill NS in their division final. Well doner to all the girls who participated and to Múinteoir Orla who trained them throughout the year.*

# Bronnadh Fáinní Rang 6

Agus rang a 6 ag fágáil na scoile tá sé beartaithe againn teastas gaelscolaíochta agus fáinne airgid a bhronnadh ar na daltaí ar a lá deireannach sa Ghaelscoil, sin an Déardaoin an 25ú lá Meitheamh ag tosnú ag 11.30. Gheobhaidh said a laethanta saoire ag a 12.30.
Níl spás do thuismitheoirí sa rang faraoir, don searmanas ach más mian leo teacht isteach déanfar gach iarracht freastal orthu.

To mark sixth class' graduation from the Gaelscoil they will be presented with a *fáinne airgid,* on their last day in school on Thursday the 25th of June at a ceremony beginning at 11.30 a.m. Sixth class pupils will be free at 12.30. Parents if they wish may attend however we cannot accommodate a large number of adults if the ceremony has to happen inside.

| | |
|---|---|
| Luan | Hull V Chelsea |
| | Man city V West brom |
| | Aston villa V Arsenal |
| Máirt | Man U V West brom |
| | Chelsea V Arsenal |
| | Liverpool V Hull |
| Cé-adaoin | Sunderland V Man city |
| | Hull V Man u |
| | West brom V Aston villa |
| Déar-daoin | Sunderland V Chelsea |
| | Spurs V Liverpool |
| | Man u V Man city |
| Aoine | Hull V Man city |
| | Spurs V Arsenal |
| | Chelsea V Everton |
| **Luan** | Aston villa V Liverpool |
| | Everton V Sunderland |
| | |

## An tSraith Sacair

Tá clar na bpointí ar an sraith shacair ar fail ó pilibba-run.com.

Tá an sraith ag druidim chun deireadh ceithre fhoireann ag imeacht isteach sa leathchraobh. Tá West Brom ar bharr na sraithe faoi láthair ach tá Lumi Kanwei tar éis imeacht ar laethanta saoire. Cad a dhéanfaidh Seán Mac?

*The soccer league will be completed next Monday. The table here shows the last few matches. The top 4 will progress to semi-finals. The latest tables are published on pilibbarun.com.*
*In the table opposite the final matches are listed.*

*Can West Brom stay top while Lumi Kanwei, their top scorer goes on holidays?*

## Evan Ó Conchubhair i nDúrlas Eile

Evan O Connor was in Thurles on the primary game team.

Comhghairdeachas go Evan ó Conchubhair who got on the primary game team and represented the school in Thurles.

## Pilib Barún Parents Committee Meeting
## Minutes from June 10th 2009

I láthar: Ciara O'Brien, Donal Hickson, Beth O'Leary, Donagh Ward, Daíthi de Paor, James Mernin, Alan Murphy, Aoife Denton, Sheri Salami and Hanorah O'Leary.

Meeting began at 7:30p.m.
*Last month's minutes read by Donagh.* Do léigh Donagh na Mion-tuairiscí

- *Daithí spoke with Minister Cullen's secretary, Sean Dower. Daithí informed Mr. Dower on school building plans.*

Labhair Daithí le rúnaí Mhartin Cullen, faoi pleananna na scoile
*Donagh to write letters of congratulations to MEP Sean Kelly and other newly elected councillors. This is a good way to continue our correspondence with politicians.*
Tá Donagh le litreacha comhghaitrdeachas a scríobh le iarrthóirí a bhain suíochháin amach sna tpghchain áitiúla

*It was decided that canvassing politicians will be deferred to until September.*
Cuirfear stocaireacht pholaiteoirí siar go dtí Meán Fómhair

*With regret, Chairperson Donagh Ward and Treasurer Hanorah O'Leary will step down from their positions for the upcoming school year 2009-2010. The AGM will need to elect a new chair-person and treasurer. All parents are welcome and we appreciate any input or ideas that you may have.*
Tá Donagh agus Hanora ag eirí as i mbliana agus beidh ar an Cru-inniú Cinnbhliana Cathaoirleach agus Cisteoir a roghnú
*The Parents Association (TPA) would like to try and get some media coverage during race week in August. TPA would like to create a banner, sign or photograph of some sort which will raise national awareness that the school has been in existence for twenty four years without a permenant building. National media attention will really help our situation.*

Teastaíonn ó Choiste na dTuistí poiblíocht a fháil i rith rásaí Trá Mór i rith Lúnasa. Teastaíonn ón gcoiste fógra nó bratach a ardú le ard na meán náisiúnta a tharraingt ar fheitheamh 24 bliain na scoile ar fhoirgneamh buan

*Muinteor Caoimhín is retiring from Pilib Barun this year. The Par-ents Association wish to thank him for all his years of service and would like to wish him good luck with all of his new adventures!*
Tá Múinteoir Caoimhín ag eirí as agus teastaíonn ó Choiste na dTuistí a bhuíochas a chur in iúl dó as a obair le blianta anuas ar son na scoile agus na bpáistí.

*All parents are invited to register with the school's new website http://www.pilibbarun.com. The website is a comprehensive way to get information about our school.*
Tugtar cuireadh do chach clárú ar shuíomh na scoile www.pilibbarun.com
Beidh féileire scoil ar díol go luath ón scoil.
*A school calendar will be available for purchase in September/ October.*
*Pilib Barun received their first Green Flag. The school intends to purchase a flagpole as soon as possible in order to proudly wave our Green Flag.*
Ceannófar cuaille don bhrat glas go luath.

- *Daithí spoke about the many good things which took place at our school this year including; The Green Flag, the new website, and Coastguard Exhibition to name but a few. Daithí thanked the par-ents, students, teachers and volunteers who all helped to make the school year a great success.*

Mhol Daithi na tuistí as a ghnóthacht agus a éifeachtulacht I rith nab liana.